Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**8385/26**

**CDR 66**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle lena gceaptar comhalta, arna mholadh ag Poblacht na hIodáile, de Choiste na Réigiún<br>- Glacadh |

1. I litir dar dháta an 6 Feabhra 2026[1], thug Ardrúnaí Choiste na Réigiún fógra don Chomhairle go raibh deireadh tagtha leis an sainordú náisiúnta ar dá bhun a moladh Roberto CIAMBETTI, comhalta de Choiste na Réigiún, a cheapadh agus ar dá bhun a ceapadh é.

2. Faoi Airteagal 305 CFAE, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha Choiste na Réigiún, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thograí ó na Ballstáit faoi seach.

[1] 6162/26.

3. I gcomhréir leis an bhforáil sin agus chun comhalta a chur in ionad Roberto CIAMBETTI, mhol Rialtas na hIodáile[2] Luca ZAIA , ar ionadaí é do chomhlacht réigiúnach a bhfuil aige sainordú toghchánach in údarás réigiúnach, *Consigliere regionale del Consiglio regionale del Veneto* (Comhairleoir Réigiúnach ar Chomhairle Réigiúnach Veneto), mar chomhalta de Choiste na Réigiún ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, a leanfaidh go dtí an 25 Eanáir 2030.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé le téacs an Chinnidh, mar a leagtar amach in 8384/26 é, agus a mholadh don Chomhairle an Cinneadh sin a ghlacadh mar mhír 'A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

---

[2] 8392/26.